



# An Garda Síochána

## Cáipéis Bheartais

### Córas Faisnéise Schengen (SIS)

---

Dáta Éifeachtach	An 7 Márta 2023
Leagan Uimh.	1.1
Faofa ag	Feidhmeannacht an Gharda Síochána
Arna thabhairt isteach ag	Treoir 007/2021 ón gCeannteathrú
Úinéir an Bheartais	An Coimisinéir Cúnta, Seirbhís Náisiúnta an Gharda Síochána i dtaca le Coireacht agus Faisnéis Slándála

## Cuspóir

Rinneadh foráil i gCoinbhinsiún Schengen agus *Acquis*, 1985, i measc rudaí eile, do dheireadh a chur le rialuithe teorann inmheánacha idir Stáit a ghlacann páirt i gCóras Faisnéise Schengen.

Is é Córas Faisnéise Schengen (CFS) an córas roinnte faisnéise is mó a bhaintear úsáid as le haghaidh bainistíocht slándála agus teorann san Eoraip. Déanann an bunachar sonraí uile-Eorpach seo faisnéis fíor-ama a aistriú idir Ballstáit Limistéar Schengen i bhfoirm “Foláirimh” a bhaineann le daoine agus réadmhaoin (rudaí agus feithiclí), agus is féidir le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí teacht air trína n-iarratais náisiúnta (e.g. PULSE).

Is é príomhchuspóir SIS ná an Eoraip is a dhéanamh níos sábháilte. Cabhraíonn an córas leis na húdaráis inniúla san Eoraip slándáil inmheánach a choimeád in éagmais seiceálacha inmheánacha teorann a bheith á ndéanamh.

Cuirfidh SIS na tairbhí seo a leanas ar fáil:

- **Teacht ar shonraí fíor-ama**, agus eolas a scaipeadh idir Ballstáit SISI i bhfoirm Foláireamh. Is féidir le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu agus atá ar iarraidh agus/nó feithiclí agus earraí a cailleadh nó a goideadh a bheith mar ábhair na bhFoláireamh seo. Is féidir le foláirimh bainte freisin le tromchoireacht agus le gníomhaíochtaí a bhaineann le sceimhlitheoireacht.
- **Nuashonruithe feabhsaithe bogearraí PULSE** maidir le daoine, feithiclí agus earraí ag a bhfuil feidhmiúlacht bhreise a tugadh isteach, an bunachar sonraí SIS a fhiosrú go huathoibríoch nuair a chuardaítear PULSE, torthaí a aisghabháil ón dá bhunachar sonraí agus an cumas Foláirimh SIS Éireannacha a chruthú agus a thabhairt go leanúnach.
- **Slándáil mhéadaithe** trí shonraí agus faisnéis a roinnt ar bhealach neartaithe agus trí chomhoibriú le tíortha a ghlacann páirt in SIS.

Tugtar cuntas i g**Cinneadh 2002/192/CE na Comhairle** (Cinneadh na Comhairle an 28 Feabhra 2002 a bhaineann le hiarraidh na hÉireann páirt a ghlacadh i roinnt d’fhorálacha *acquis* Schengen) ar fhorálacha ar leith *acquis* Schengen a nglacfaidh Éire páirt ann.

Rialaíonn **Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018** Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse chomhar na bpóilíní agus an chomhair bhreithiúnaigh i gceisteanna coiriúla.

## Scóip

Baineann an Beartas seo agus an cháipéisíocht ghaolmhar uile le comhaltaí agus foireann uile an Gharda Síochána. Baineann sé freisin le Póilíní ó Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (an PSNI) a tugadh ar iasacht don Gharda Síochána i gcomhréir le hAlt 53 d’Acht an Gharda Síochána, 2005.




## Ráiteas Beartais

Tagann na feidhmeanna bainistíochta agus maoirseachta maidir le SIS in Éirinn faoi fhreagracht an Gharda Síochána.

Déantar scóip SIS a shainiú i **Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018** um Chóras Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse chomhar na bpóilíní agus an chomhair bhreithiúnaigh i gceisteanna coiriúla. Déanann Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 Cinneadh 2007/533 na Comhairle, Ceartas agus Gnóthaí Baile (JHA)

(Comhar i bhforfheidhmiú an dlí) a leasú agus a aisghairm, agus déanann sé Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa (Comhar i gclárú feithiclí) agus Cinneadh 2010/261/AE na Comhairle agus an Choimisiúin a aisghairm.

Baineann foláirimh SIS maidir le daoine nó earraí a thagann faoi Airteagal 26, Airteagal 32, Airteagal 34, Airteagal 36, Airteagal 38 agus Airteagal 40 de Rialachán (AE) 2018/1862 le hÉirinn, agus léirítear iontu scóip na ngealltanais a rinne Éire maidir le *acquis* Schengen.

<p><b>Airteagal 26</b></p>		<p><b>Duine á iarraidh lena nGabháil:</b> Úsáidtear seo le daoine a aimsiú ar eisíodh Barántas Gabhála Eorpach nó iarraidh ar Eiseachadhadh dóibh.</p>
<p><b>Airteagal 32</b></p>		<p><b>Daoine ar iarraidh:</b> Úsáidtear seo le daoine ar iarraidh, leanaí san áireamh, a aimsiú chun gur féidir an duine a chur faoi chosaint, má bhíonn sé dleathach agus riachtanach, a luaithe a aimsítear iad; nó do leanaí ar cheart cosc a chur orthu ó thaisteal mar gheall go bhfuil an baol ann go ndéanfar iad a fhuadach, go ndéanfar gáinneáil daoine orthu, go mbeidh siad thíos le foréigean inscnebhunaithe, go mbeidh baint acu le sceimhlitheoireacht nó le coinscríobh; nó le haghaidh daoine fásta leochaileacha ar cheart cosc a chur orthu ó thaisteal, mar gheall go bhfuil an baol ann go ndéanfar gáinneáil daoine orthu nó go mbeidh siad thíos le foréigean inscnebhunaithe.</p>
<p><b>Airteagal 34</b></p>		<p><b>Daoine a Lorgáitear chun Cabhrú le Nós Imeachta Breithiúnach:</b> Úsáidtear seo le háit chónaithe nó áit chónaithe ó thús daoine a lorgáitear chun cabhrú le nósanna imeachta breithiúnacha coiriúla a dheimhniú.</p>
<p><b>Airteagal 36</b></p>		<p><b>Daoine nó Earraí do Sheiceálacha Discréideacha:</b> Úsáidtear seo le faisnéis a fháil ar dhaoine nó ar earraí gaolmhara ar mhaithe le cionta coiriúla a ionchúiseamh agus chun cosc a chur ar bhagairtí ar an tslándáil phoiblí nó náisiúnta.</p>
<p><b>Airteagal 38</b></p>		<p><b>Earraí lena nUrghabháil nó lena nÚsáid mar Fhianaise in Imeachtaí Coiriúla:</b> Úsáidtear seo le hearraí a aimsiú atá á lorg ar mhaithe lena n-urghabháil nó lena n-úsáid mar fhianaise in imeachtaí coiriúla:</p>
<p><b>Airteagal 40</b></p>		<p><b>Foláirimh faoi Dhaoine a bhfuiltear sa Tóir orthu ar mhaithe le Sainaitheint faoin Dlí Náisiúnta:</b> Úsáidtear seo le sonraí dachtalascópacha, cibé acu sraitheanna méarlorg nó boslorg iomlán nó neamhiomlán a scaipeadh, a aimsíodh ag láithreacha cionta sceimhlitheoireachta nó tromchoireanna eile atá á n-imscrúdú, chun an duine a shainaitheint.</p>

I gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2018/1862 ('Comhréireacht), beidh gach cás leordhóthanach, ábhartha agus tábhachtach go leor go mbíonn údar le Foláireamh a iontráil in SIS.

Tá faisnéis in SIS maidir le duine nó earra ar leith, agus tugtar chuntas ann chomh maith ar threoracha soiléire maidir leis na bearta atá le déanamh nuair a thángthas ar an duine nó ar an earra a bhaineann leis an bhfoláireamh (i.e. 'an Gníomh a Iarrtar'). Rachaidh comhaltaí an Gharda Síochána i mbun an ghnímh chuí nuair a thagann siad ar ábhar

Foláireamh SIS agus nuair a dheimhnigh siad go bhfuil an duine nó an t-earra faoi réir an Fholáirimh SIS (i.e. ‘aimsiú’ deimhnithe). Ní féidir tabhairt faoi ghníomh ach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

### Biúró SIRENE na hÉireann

Ar mhaithe leis na ceanglais dhlíthiúla a leagtar amach in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/1862 (‘Oifig Chóras Náisiúnta SIS (N.SIS) agus Biúró SIRENE’), bhunaigh Éire údarás mar phointe teagmhála singil chun faisnéis fhorlíontach a bhaineann le foláirimh SIS a mhalartú. Tugtar SIRENE ar an bpointe teagmhála seo – **Supplementary Information REquest at the National Entries (SIRENE)**. Tá Biúró SIRENE na hÉireann lonnaithe sa Rannóg Idirchaidrimh in Idirchaidreamh agus Cosaint, Ceannteathrú an Gharda Síochána, agus tá sé freagrach as Foláirimh SIS a bhainistiú agus a chur in iúl idir Biúró na mBallstát SIS. Tá Biúró SIRENE go hiomlán oibríochtúil ar bhonn 24/7 chun tacú le agus cabhrú le húsáideoirí deiridh foláirimh a sheoladh agus gníomhú ina leith. Tá mar fhoireann aige speisialtóirí taithíocha (Cásoifigigh SIRENE) ag a bhfuil saineolas ar chomhar idirnáisiúnta agus rialacha an náisiúin maidir le póilíní agus an dlí coiriúil agus inimirce.

### Comhlíonadh

Tá sé éigeantach go ndéanann comhaltaí agus foireann uile an Gharda Síochána an Beartas seo agus an cháipéis/na cáipéisí a ghabhann leis a chomhlíonadh.

### Cáipéisí Gaolmhara

- Nós Imeachta Chóras Faisnéise Schengen (SIS) an Gharda Síochána.
- Ábhair Oiliúna Chóras Faisnéise Schengen (SIS) an Gharda Síochána.
- Tugtar cuntas i gCinneadh Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 25 Feabhra 2002 a bhaineann le hiarraidh na hÉireann páirt a ghlacadh i roinnt d’fhorálacha *acquis* Schengen (Cinneadh 2002/192/CE na Comhairle).
- Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 um Chóras Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse chomhar na bpóilíní agus an chomhair bhreithiúnaigh i gceisteanna coiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/JHA na Comhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún.
- Airteagal 2(2) de Chreatchinneadh 2002/584/JHA na Comhairle an 13 Meitheamh 2002 (Creat EAW - 2002/584/JHA: Creatchinneadh na Comhairle an 13 Meitheamh 2002 ar an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta géillte idir Ballstáit).
- Cinneadh um Chur chun Feidhme an Choimisiúin an 18 Samhain 2021 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le tascanna Bhiúró SIRENE agus faisnéis fhorlíontach a mhalartú maidir le foláirimh i gCóras Faisnéise Schengen i réimse chomhar na bpóilíní agus an chomhair bhreithiúnaigh i gceisteanna coiriúla (a fhógraítear faoi cháipéis C (2021) 7901) (**‘Lámhleabhar SIRENE – Póilíní’**).
- An Cód Cleachtais um Chosaint Sonraí don Gharda Síochána.

### Scagadh Ceart Dlíthiúil agus Daonna

Rinneadh scagadh ar an mBeartas seo i dtaobh Cearta Daonna agus Dlíthiúla maidir leis na hoibleagáidí faoi seach a leagtar ar an nGarda Síochána don limistéar ábhair atá i gceist.

## Caighdeán agus Gealltanais Eiticiúla

Caithfidh gach duine a oibríonn sa Gharda Síochána aird a thabhairt ar agus cloí leis na caighdeán agus na gealltanais a leagtar amach sa [Chód Eitice](#) don Gharda Síochána agus chun seasamh leis an gCód seo agus é a chur chun cinn ar fud na hEagraíochta.

## Athbhreithniú Beartais agus Nóis Imeachta

Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas seo agus ar cháipéisí gaolmhara 12 mhí ó dháta a éifeachta agus gach trí bliana ina dhiaidh sin.

## An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS) agus an Treoir d'Údaráis um Cheartas Coiriúil (LED) faoi mar a Thrasúitear san Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

Ní phróiseálfar sonraí pearsanta ach ar na cuspóirí a shonraítear sa bheartas seo agus laistigh de bhonn dleathach a shainítear go soiléir faoi Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí an AE (an RGCS) ((AE) 2016/679) agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988/2018. Cuirfear gach beart riachtanach i bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn sonraí pearsanta á gcoimeád sábháilte agus slán. Ní bheidh teacht ar sonraí pearsanta ach ag pearsanra údaráithe amháin. Ní phróiseálfar ach sonraí pearsanta ábhartha agus ní choimeádfar níos faide iad ná mar is gá.

Maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta a bhaineann leis an mBeartas seo, rinneadh Measúnacht Tionchair um Chosaint Sonraí (DPIA) i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí agus an Achta um Chosaint Sonraí, 2018.

## Cosaint Sonraí agus Cearta Ábhair Shonraí maidir le SIS

Tá an ceart ag gach duine aonair chun teacht ar sonraí pearsanta atá á gcoimeád ag an nGarda Síochána fúthu, agus tá an ceart acu ceartú nó scriosadh a sonraí pearsanta a iarraidh. Is féidir le haon duine a chreideann go ndearnadh a f(h)aisnéis phearsanta a chur i dtaifead ar an SIS an iarratas ar theacht ar a s(h)onraí a dhéanamh le haon cheann de na páirtithe conartha le Acquis Schengen.

Ba cheart d'aon duine a lorgaíonn teacht ar fhaisnéis phearsanta atá á coimeád ag an nGarda Síochána fúthu 'an Fhoirm Iarrata ar Rochtain ar Shonraí' (F20) a líonadh.

Tá freagracht ar an gCoimisiún Cosanta Sonraí (an CCS) as maoirseacht a dhéanamh ar na gnéithe um chosaint sonraí de SIS in Éirinn a chur i bhfeidhm. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an CCS trí fhoirm ghréasáin atá ar fáil ar láithreán gréasáin an CCS; <https://www.dataprotection.ie>, agus cuirtear sonraí gutháin agus faoi sheoladh poist ar fáil ar an láithreán gréasáin freisin.

Tá eolas cuimsitheach ar chearta rochtana ar sonraí a próiseáladh in SIS ar fáil ón 'Treoir maidir leis an gceart rochtana a fheidhmiú' ar láithreán gréasáin an CCS.

Is féidir le haon duine a bhfuil amhras orthu go bhféadfadh gur íospartach aitheantais ar baineadh mí-úsáid as iad, teacht i láthair ag aon Stáisiún Gardaí leis an gceist seo a thabhairt le fios. Déileálfaidh an Garda Síochána go cuí leis an gceist seo i gcomhréir le nósanna imeachta SIS.

## Séanadh

Ní bheartaítear go dtugtar comhairle dlí sa cháipéis seo, agus ní thugtar comhairle dlí inti ar féidir brath uirthi maidir leis an ábhar a chuimsítear anseo istigh. Níor cheart an cháipéis seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil dlí.